Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Gníomhú ar son na hAeráide & Forbairt Inbhuanaithe EFG 2




CC BY NC

# Fórleargas EFG – Lá 2

| | |
|---|---|
| **Seisiún 4** | • Cur chuige comhtháite neamhlíneach a fhiosrú i leith na hoibre le Torthaí Foghlama |
| **Seisiún 5** | • Eispéiris foghlaimeora a dhearadh a chabhraíonn le gach foghlaimeoir i seomra ranga Ghníomhú ar son na hAeráide & Forbairt Inbhuanaithe |
| **Seisiún 6** | • Intreoir ar an Tionscadal Gníomhaíochta<br>• Breithniú a dhéanamh ar na chéad chéimeanna eile maidir le Gníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe a chur i bhfeidh |

Oide




padlet

# https://tinyurl.com/4s8hpdn4

# Intinní Foghlama Lá 2

- **A thuiscint conas a chuireann an fhoghlaim ranga ml Gníomhú ar son na hAeráide & Forbairt Inbhuanaithe le cumas scoláirí gníomhú**
- Dul i ngleic ar dhóigh fhiúntach leis an tsonraíocht chun eispéireas foghlaimeora a chruthú
- Forléargas a thabhairt ar an Tionscadal Gníomhaíochta agus machnamh a dhéanamh ar shonraíocht Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe

Oide



## Gníomhaíocht



## Léitheoireacht



## Aiseolas




## Déan Machnamh


# Príomhtheachtaireachtaí

Oide

Cur chuige comhtháite neamhlíneach
Ag foghlaim ar fud na snáitheanna
Croíchoincheapa agus prionsabail idirnasctha.

Is féidir le scoláirí blaiseadh de na torthaí foghlama trí eispéiris chuí sa seomra ranga agus eispéiris áitbhunaithe.

Is deis é an Tionscadal Gníomhaíochta do scoláirí tógáil ar a dtaithí go dtí seo & foghlaim a léiriú a bhaineann le Torthaí Foghlama shnáithe na dTascanna Foghlaim Fheidhmeach chomh maith le torthaí foghlama ó na snáitheanna eile.



Daoine, Cumhacht, agus Áit
Córais an Domhain, Beatha, agus an Timpeallacht
Naisc Dhomhanda
TASCANNA FOGHLAMA FEIDHMÍ
TASCANNA FOGHLAMA FEIDHMÍ
TASCANNA FOGHLAMA FEIDHMÍ


Oide

# Torthaí Foghlama na Sonraíochta a Iniúchadh

Briathra Gnímh

Foghlaimíonn an scoláire faoi

Ba cheart go mbeadh sé ar chumas an scoláire

Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Seisiún 4

CC BY NC

# Teagasc agus Foghlaim i nGníomhú ar son na hAeráide & Forbairt Inbhuanaithe

Oide





- Réimse leathan cuir chuige teagaisc agus foghlama
- Tógáil ar dhea-chleachtais seomra ranga atá ann cheana féin trí:
  - aird a thabhairt ar nádúr an ghníomhaithe
  - nádúr an spáis fhoghlama
  - diminsean mothaitheach na foghlama san ábhar seo


# Gníomhaíocht ghrúpa



1. Spreagthach grianghraf

2. Eolas Cúlra a Léamh (Poblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC))
















3. Cleachtadh ionsamhlúcháin



# Gníomhaíocht an Mhúinteora:

## Cad é a fheiceann tú?



10 mianraí is mó a thugann cumhacht do do ghuthán póca:



1. Ór
2. Litiam
3. Alúmanam
4. Cóbalt
5. Copar
6. Luaidhe
7. Nicil
8. Plaistigh
9. Airgead
10. Sinc



# Príomhchoincheapa Ceartas/ Éagóir Aeráide

Oide

## COTHROMAS & COTHROIME

- An tábhacht a bhaineann le dáileadh comhionann acmhainní agus freagrachtaí chun aghaidh a thabhairt ar an athrú aeráide.
- Aitheantas a thabhairt d'ionchur stairiúil na náisiún tionsclaithe i dtaca le hastaíochtaí gás ceaptha teasa agus an tionchar a bhí aige sin ar dhaoine agus ar phobail leochaileacha.

## FREAGRACHT IDIRGHLÚINE

- Beidh tionchar suntasach ag gníomhaíochtaí agus ag beartais reatha ar fholláine na nglún atá le teacht..
- Ba cheart go gcinnteoidh cleachtais inbhuanaithe pláinéad sláintiúil d'áitritheoirí amach anseo.

## CEARTA AN DUINE

- Tá an t-athrú aeráide ina bhagairt ollmhór ar chearta bunúsacha an duine, i.e. an ceart chun sláinte, tithíochta, uisce agus bia
- Is rud ríthábhachtach é chun cearta an duine a chosaint na hiarrachtaí chun an t-athrú aeráide a mhaolú agus oiriúnú dó.

## CUMHACHTÚ POBAIL

- Cuireann sé seo rannpháirtíocht na bpobal atá buailte chun cinn i bpróisis chinnteoireachta.
- Tá eolas agus meon áitiúil riachtanach chun réitigh aeráide éifeachtacha agus chothroma a chruthú.

## DAOINE LEOCHAILEACHA

- Tá tionchair an athraithe aeráide ar dhaoine leochaileacha díréireach .i. pobail dhúchasacha, tíortha i mbéal forbartha.
- Is minic gur lú na hacmhainní a bhíonnag daoine leochaileacha chun dul in oiriúint do thionchair aeráide agus is iad is dóichí a mbeidh tionchar ag tubaistí a bhaineann leis an aeráid orthu.

## OIRIÚNÚ AGUS MAOLÚ AERÁIDE

- Ba cheart prionsabail an cheartais a chur san áireamh agus aghaidh á tabhairt ar an athrú aeráide chun oiriúnú agus maolú cóir agus cuimsitheach a chinntiú

CC BY NC

# Príomhchoincheapa Ceartas/ Éagóir Aeráide

Oide

## STAIR

- Na tíortha is mó a chuir leis an athrú aeráide san am atá thart .i. tíortha tionsclaithe, chuir siad ualach a thionchair ar thíortha i mbéal forbartha, arb iad na tíortha is lú atá freagrach as an athrú aeráide.
- Tá sé seo mícheart ó thaobh na moráltachta agus na heitice de ó thaobh na cuntasachta de.

## EASPA ROCHTANA AR ACMHAINNÍ

- Is minic nach mbíonn rochtain ag daoine leochaileacha ná ag a bpobail ar na hacmhainní is gá chun dul in oiriúint don athrú aeráide .i. tacaíocht airgeadais, bonneagar, teicneolaíocht.
- Fágann sin go bhfuil siad níos leochailí ó thaobh thionchair an athraithe aeráide de.

## CUMHACHT PHOLAITIÚIL THEORANTA

- Mar gheall ar chumhacht pholaitiúil theoranta agus ionadaíocht theoranta rialtais, tá go leor pobal thíos leis.
- Bíonn neamhaird á déanamh i gcónaí ar a riachtanais agus ar a nglór ó thaobh plé ar bheartas aeráide agus próisis chinnteoireachta de.

## CINÍOCHAS COMHSHAOIL

- Is minic a nochtar go leor pobal imeallaithe do ghuaiseacha comhshaoil amhail truailliú, falscaithe nó loscadh sléibhe, tuilte srl.
- Gné lárnach den éagóir aeráide is ea an éagothromaíocht seo.

## TIONCHAIR ÉAGOTHROMA

- Tarlaíonn éagóir aeráide nuair a bhíonn tionchair níos diúltaí ag athrú aeráide ar phobail áirithe mar thoradh ar neamhionannais shistéamacha,.i. cine, bochtanas.
- Is féidir go mbeadh timthriall an mhíbhuntáiste ann dá dheasca.

CC BY NC

# Ceartas /Éagóir Aeráide

# Príomhchoincheapa








Oide

# Ábhar léitheoireachta






# Táirgeadh mianach de chóbalt i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó 2010 -2023) (i 1,000 tona méadrach)



# Gníomhaíocht an Mhúinteora: Guthanna an Chongó

Oide














# Céimeanna Gníomhaíochta

Oide

**Céim 1:** Tá próifíl páirtí leasmhar ag gach grúpa ag do bhord - úinéir gnó, déagóir, ball d'eagraíocht neamhrialtasach, oifigeach rialtais agus feirmeoir. Beidh faisnéis ar do chárta próifíle faoin duine sin, a gcuid ábhair spéise, na tairbhí, deacrachtaí a chruthóidh an mianach nua dóibh.

**Céim 2:** Pléifidh agus forbróidh gach grúpa seasamh ar thionscadal mianadóireachta nua atá beartaithe dá gceantar áitiúil ag smaoineamh ar an gcaoi a bhféadfadh an mianach dul i bhfeidhm ar a bpobal áitiúil agus ar an gcomhshaol.

**Céim 3:** Ullmhaíonn gach grúpa cur i láthair gairid ar pháipéar smeach-chairte nó ráiteas ó dhearcadh a bpáirtí leasmhar, ag cur síos ar a gcuid **ábhair imní, gníomhartha molta, agus réitigh.**

**Céim 4:** Cuireann ionadaí ó gach grúpa a seasamh i láthair an ghrúpa ar fad.

Ábhair imní

Gníomhartha Beartaithe

# Ar cheart ceadúnas a thabhairt don chomhlacht mianadóireachta don mhianach seo?

Réitigh



# Gníomh a Eagrú

Conas a threorófá do chuid scoláirí chun gníomh féideartha a phleanáil agus a dhearadh le dul i ngleic leis an éagóir aeráide?





Oide

# Machnamh

- Pléigh cén  tionchar a bheadh ag an ngníomhaíocht seo ar thuiscint do chuid scoláirí ar cheartas/éagóir aeráide?

- Cén chaoi, dar leat, a leathnófaí tuiscint do chuid scoláirí ar shaincheisteanna domhanda dá dtabharfadh siad faoin ngníomhaíocht seo?



# Smaoinigh ar



- Cé na príomhinniúlachtaí a bhfaightear blaiseadh díobh le linn na gníomhaíochta seo?

- Cé na torthaí foghlama a mbítear ag plé leo ar fud na snáitheanna?





Oide

***"Saolaítear gach duine den chine daonna saor agus comhionann le dínit agus le cearta. Ach, maidir le héifeachtaí an athraithe aeráide, ní raibh ann ach éagóir ainsealach agus creimeadh chearta an duine."***

**Mary Robinson**



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Seisiún 5

CC BY NC

# Intinní Foghlama Lá 2

- A thuiscint conas a chuireann an fhoghlaim ranga ml Gníomhú ar son na hAeráide & Forbairt Inbhuanaithe le cumas scoláirí gníomhú
- **Dul i ngleic ar dhóigh fhiúntach leis an tsonraíocht chun eispéireas foghlaimeora a chruthú**
- Forléargas a thabhairt ar an Tionscadal Gníomhaíochta agus machnamh a dhéanamh ar shonraíocht Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe

Oide

# Gníomhaíocht an Mhúinteora

- Cruthaigh eispéireas foghlaimeora
- Gníomhbhunaithe
- Scoláire-lárnach
- Faoi stiúir fiosrúcháin
- Nasc le torthaí foghlama ar fud na snáitheanna
- Nasc le Tascanna Foghlaim Fheidhmeach
- Príomhinniúlachtaí ar blaiseadh díobh

**1. An Indinéis**
**2. An Bhanglaidéis**
**3. An Amasóin** (An Bhrasaíl)
**4. Éire**
**5. Sead**



# Teimpléad d'Eispéireas Foghlaimeora Samplach

Oide

| |
|---|
| **Ceist:** |
| **Eispéireas Foghlaimeora:** |
| **Cad iad na Torthaí Foghlama a ndeachaigh tú i ngleic leo?** |
| **Tasc Foghlaim Fheidhmeach** |
| **Cad iad na príomhinniúlachtaí a ndeachaigh tú i ngleic leo le linn eispéireas an fhoghlaimeora?** |
| **Measúnú (Briathra Gnímh):** |



**Lch. 22**

# Teimpléad d'Eispéireas Foghlaimeora Samplach

| |
|---|
| **Ceist: Ceartas Aeráide i bPoblacht Dhaonlathach an Chongó (PDC)** |
| **Eispéireas Foghlaimeora:**<br>• Spreagthach grianghraf, eolas cúlra a léamh ar PDC<br>• Cleachtadh ionsamhlúcháin "Guthanna an Chongó". Plé, gníomhaigh. |
| **Cad iad na Torthaí Foghlama a ndeachaigh tú i ngleic leo?**<br>2.3, 1.6 |
| **Tasc Foghlaim Fheidhmeach**<br>Tasc Foghlaim Fheidhmeach 2.1, Tasc Foghlaim Fheidhmeach 1.2 |
| **Cad iad na príomhinniúlachtaí a ndeachaigh tú i ngleic leo le linn eispéireas an fhoghlaimeora?**<br>Smaointeoireacht agus réiteach fadhbanna |
| **Measúnú (Briathra Gnímh):**<br>Míniú, Léiriú, Fiosrú, Anailís a dhéanamh |
| **Acmhainní:**<br>www.concern.net, spreagthach grianghraf |



**Lch. 22**

# De réir mar a dhearann tú eispéireas an fhoghlaimeora den machnamh ar na modhanna measúnuithe a d'fhéadfá a úsáid:

- Smaoinigh ar an gcolún **'Foghlaimíonn Scoláirí Faoi'**
- Smaoinigh ar an gcolún **'Ba chóir go mbeadh scoláirí in ann'**
- Smaoinigh ar na **Briathra Gnímh** agus conas a d'fhéadfadh siad tú a threorú maidir le rochtain a fháil ar an bhfoghlaim

# Gníomhaíocht an Mhúinteora

- D'eispéireas foghlama a chur le Padlet na n**Eispéireas Foghlaimeora**

- Roinntear na hacmhainní go léir le múinteoirí



Oide

# Machnamh ar Eispéireas an Fhoghlaimeora

Cén chaoi, dar leat, a chabhródh  an t-eispéireas foghlaimeora a chruthaigh tú le tuiscint do chuid scoláirí ar cheartas/éagóir aeráide?



***"Is é an t-athrú aeráide an bhagairt is mó do thodhchaí inbhuanaithe, ach, ag an am céanna, trí aghaidh a thabhairt ar dhúshlán na haeráide, is deis órga é chun rathúnas, slándáil agus todhchaí níos gile a chur chun cinn do chách"***

**Ban Ki-Moon, Iar-Ardrúnaí na Náisiún Aontaithe**



Oide

Tacú leis an bhFoghlaim Ghairmiúil i measc Ceannairí Scoile agus Múinteoirí

Supporting the Professional Learning of School Leaders and Teachers

# Seisiún 6

CC BY NC

Oide

# Intinní Foghlama Lá 2

- A thuiscint conas a chuireann an fhoghlaim ranga ml Gníomhú ar son na hAeráide & Forbairt Inbhuanaithe le cumas scoláirí gníomhú
- Dul i ngleic ar dhóigh fhiúntach leis an tsonraíocht chun eispéireas foghlaimeora a chruthú
- **Forléargas a thabhairt ar an Tionscadal Gníomhaíochta agus machnamh a dhéanamh ar shonraíocht Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe**

# Treoirlínte don Tionscadal Gníomhaíochta

Ualú
40%

Tionscadal Gníomhaíochta
suas le 20 uair an chloig
lena chur i gcrích


Coimre Choiteann a eisíonn CSS gach bliain

Oide

# Tionscadal Gníomhaíochta

- Léigh an t-eolas ar an Tionscadal Gníomhaíochta ar leathanaigh: 28-30

Lgh. 28 -30


An Roinn Oideachais
Department of Education


Sonraíocht churaclaim do Ghníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe de chuid na hArdteistiméireachta

Le tabhairt isteach i scoileanna ó Mheán Fómhair 2025.
Ullmhaithe ag an gComhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM)




# Treoirlínte chun tacú leis an Tionscadal Gníomhaíochta I nGníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe de chuid na hArdteistiméireachta

Oide


NCCA

Treoirlínte chun tacú leis an Tionscadal Gníomhaíochta i nGníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe de chuid na hArdteistiméireachta

- Tá Treoirlínte curtha ar fáil ag CNCM chun cabhrú leis an Tionscadal Gníomhaíochta
- Tá na Treoirlínte sin ar fáil do mhúinteoirí ar curriculumonline.ie
- Foilseoidh Coimisiún na Scrúduithe Stáit (CSS) coimre maidir le stiúradh an Tionscadail Ghníomhaíochta gach bliain i dtéarma 2 de bhliain 1



NCCA


Treoirlínte chun tacú leis an Tionscadal Gníomhaíochta i nGníomhú ar son na hAeráide agus Forbairt Inbhuanaithe de chuid na hArdteistiméireachta

Oide

www.curriculumonline.ie

# Gníomhaíocht Mhúinteora
# Gníomhaíocht Léitheoireacht Chiúin

- Forléargas ar an Tionscadal Gníomhaíochta (lch. 4)
- Liostaigh na céimeanna sa phróiseas chun an Tionscadal Gníomhaíochta a chur i gcrích (lgh. 5-11)
- Ról an mhúinteora (lgh.15-16)
- Leidcheisteanna (lch. 17)



# Pointí breise le tabhairt faoi deara:

- Dearadh an Tionscadal Gníomhaíochta go luífeadh sé go nádúrtha le gnáth-theagasc agus le gnáthfhoghlaim na seomraí ranga
- Cuirfear Dialann an Tionscadail Ghníomhaíochta isteach agus déanfar measúnú air ar bhonn aonair
- Tá rannpháirtíocht le Tascanna  na Foghlama Feidhmí (TFFanna) de Shraith 4 ríthábhachtach d'ullmhacht na scoláirí chun a dTionscadal Gníomhaíochta a chur i gcrích
- Níor cheart do mhúinteoirí aon tacaíocht iomarcach nó mhíchuí a chur ar fáil do scoláirí, ar nós dréacht-obair a chur in eagar nó téacs eiseamláireach nó freagraí samplacha a chur ar fáil le húsáid i nDialann Thionscadal Gníomhaíochta na scoláirí


# Gníomhaíocht Ghrúpa Múinteoirí

- Cad iad na **buntáistí** a bheidh ag an Tionscadal Gníomhaíochta duitse agus do do chuid scoláirí, dar leat?

- Cé na **deiseanna** atá ann cheana féin d'fhorbairt scileanna sa tSraith Shóisearach agus san Idirbhliain chun cabhrú le scoláirí sa Tionscadal Gníomhaíochta?



# Meabhrúchán ar Acmhainní Comhroinnte




https://tinyurl.com/4s8hpdn4

# Gníomhaíocht Mhachnaimh an Mhúinteora

Oide

- Cad iad na príomhphointí foghlama ón lá inniu?
- Smaoinigh ar do chéad chéimeanna eile sa phleanáil do chur i bhfeidhm Ghníomhú ar son na hAeráide agus na Forbartha Inbhuanaithe





# Príomhtheachtaireachtaí

Oide

Cur chuige comhtháite neamhlíneach
Ag foghlaim ar fud na snáitheanna
Croíchoincheapa agus prionsabail idirnasctha.

Is féidir le scoláirí blaiseadh de na torthaí foghlama trí eispéiris chuí sa seomra ranga agus eispéiris áitbhunaithe.

Is deis é an Tionscadal Gníomhaíochta do scoláirí tógáil ar a dtaithí go dtí seo & foghlaim a léiriú a bhaineann le Torthaí Foghlama shnáithe na dTascanna Foghlaim Fheidhmeach chomh maith le torthaí foghlama ó na snáitheanna eile.

***"Ar dhóigh shéimh, is féidir croitheadh a bhaint as an domhan."***

**Mahatma Gandhi**



# Go raibh maith agaibh